Acmhainní Féileacáin agus Boilb

CULTÚRLANN
McADAM Ó FIAICH

Fáilte romhaibh chuig ár n-acmhainn chruthaitheach do theaghlaigh, ‘Féileacán agus Bolb’. Tá an acmhainn seo lán de dheiseanna foghlama cruthaitheacha don teaghlach ar fad. Is scil ríthábhachtach é an cumas smaoineamh go cruthaitheach ar feadh ár saoil. Is scileanna lárnacha iad atá le cothú inár bpáistí, amhail an cumas fadhbanna a réiteach, smaoineamh go criticiúil ar ár ngníomhartha agus ar ár gcuid oibre, agus an fhoghlaim a thabhairt chun cuimhne agus a chur i bhfeidhm ar bhealaí nua. Tugtar aghaidh orthu go léir anseo!

Faoi láthair, mar thuismitheoirí, tá muid go léir i ndeireadh foighne, agus folláine ár bpáistí ar bharr ár n-imní. Is féidir le gníomhaíochtaí cruthaitheacha strus a mhaolú agus suaimhneas a chruthú, aird a mhéadú agus mothúchán folláine a chruthú. Níl aon fhreagra mícheart ann, agus tá an cumas againn go léir tabhairt faoi!

“Tá ról lárnach ag na healaíona do gach páiste, ag gach leibhéal ábaltachta, maidir le forbairt chognaíoch, forbairt luaileach agus forbairt theanga agus shoch-mhothúchánach. Tá spreagadh sna healaíona agus meallann siad páistí i dtreo na foghlama, spreagann siad cuimhne agus éascaíonn siad tuiscint, feabhasaíonn siad cumarsáid shiombalach, cuireann siad caidrimh chun tosaigh agus soláthraíonn siad bealach le hinniúlacht a fhorbairt”

(Arts Education Partnership 1998 P.V)

Ar aghaidh linn!

I measc na ngníomhaíochtaí a chlúdaítear tá go leor réimsí foghlama ó Churaclam na Bunscoile ón Bhonnchéim go hEochairchéimeanna 1&2 lena n-áirítear:

Na hEalaíona

An Domhan Thart Orainn

Teanga agus Litríocht

Matamaitic agus Uimhearthacht

Forbairt Phearsanta agus Comhthuiscint

Corpoideachas agus Gluaiseacht

Scileanna Smaointeoireachta agus Ábaltachtaí Pearsanta

Úsáid TFC

Cumarsáid

GNÍOMHAÍOCHTAÍ

Siméadracht an Fhéileacáin a Phéinteáil:

Réimsí an Churaclaim: Na hEalaíona & An Domhan Thart Orainn

Ábhar/Trealamh

- Páipéar/cairtpháipéar bán (Níl páipéar ar bith agat? Bain úsáid as nuachtán/scragall stáin sa chás sin)
- Péint (Níl péint ar bith agat? Bain úsáid as bia sa chás sin – subh mhilis/im piseanna talún/nutella/anlann trátaí)
- Siosúr
- Criáin/cailc/pastail

Modh

1. Fill an leathanach ina dhá leath.
2. Tarraing imlíne de leathan amháin d'fhéileacán ar thaobh amháin.
3. Caith an phéint ar an leath sin.
4. Fill an leathanach arís agus brúigh síos air.
5. Déan sin arís a mhinice agus is mian leat le go leor féileacán de chruthanna éagsúla a chruthú.
6. Lig dó triomú.
7. Úsáid criáin/ cailc/pastail le mionsonraí a tharraingt ar do phictiúr (d'fhéadfá colláis a chur ann fosta)
8. Gearr amach d'fhéileacán agus cuir ar taispeáint é.



An fhoghlaim a fheabhsú:

Matamaitic agus Uimhearthacht - Siméadracht & tomhas. Pléigh an chiall a bhaineann le siméadracht. Úsáid rialóir leis an dá thaobh de do chuid oibre a thomhas. An bhfuil siad siméadrach? Cad é eile atá siméadrach? An féidir leat na nithe sin a thomhas chomh maith? Scríobh síos do chuid torthaí.

Teanga agus Litearthacht/Cumarsáid – Déan na píosaí ealaíne a phlé. Druid do shúile agus iarr ar do pháiste cur síos a dhéanamh duit ar a c(h)uis obair ealaíne. Beidh orthu go leor mionsonraí a úsáid, na dathanna agus na cruthanna a mhíniú le go bhféadfaidh tú é a shamhlú. Spreagann sé seo úsáid an fhoclóra chuí (sciatháin, aintéiní, siméadrach, patrún etc) chomh maith le teanga thuairisciúil. An féidir leo na focail nua a d'fhoghlaim siad a litriú (páistí níos sine)?

Forbairt Phearsanta agus Comhthuiscint – Sealaíocht a dhéanamh le linn comhrá, iarrachtaí a chéile a mholadh agus a cheiliúradh, trealamh agus ábhair a roinnt.

Corpoideachas & Gluaiseacht – Scileanna mínluaileacha a fhorbairt trí ghearradh, líníocht, phéinteáil, ghreamú, thomhas.

Foghlaimímis faoi fhéileacáin na hÉireann:

Réimsí an churaclaim: An Domhan Thart Orainn, Úsáid TFC, Teanga agus Litearthacht, Na hEalaíona

Ábhair/Trealamh

Rochtain ar an idirlíon trí ríomhaire glúine/fón/táibléad/ipad.
Leabhar nótaí/bileoga páipéir/cairtpháipéir (Níl páipéar ar bith agat? Úsáid páipéar gré/ cairtpháipéar ó bhoscaí gránaigh folmha, clár cailce.)
Criáin/pinn luaidhe/marcóirí

Modh

1. Cuardaigh roinnt eolais ar fhéileacáin na hÉireann ar líne. Moltar na suíomhanna seo. https://butterflyconservation.ie/ nó http://www.irishbutterflies.com/.
2. Cuardaigh na féileacáin sin nádúrtha in Éirinn.
3. Roghnaigh ceann acu le cás-staidéar a dhéanamh air.
4. Foghlaim a ainm i mBéarla agus i nGaeilge.
5. Faigh amach cén planda ar a leagtar uibheacha an fhéileacáin.
6. Cén dath atá ar na huibheacha? An athraíonn siad le himeacht ama?
7. Cén chuma atá ar an bholb? An athraíonn sé le himeacht ama?
8. Cén chuma atá ar an chrisilid?
9. An bhfuil plandaí atá tarraingteach d'fhéileacáin agat i do ghairdín/chlós?
10. Téigh ar shiúlóid ghairid thart ar do cheantar áitiúil. An féidir leat plandaí atá tarraingteach d'fhéileacáin a aimsiú?
11. Tarraing pictiúr den fhéileacán a roghnaigh tú ar do leathanach agus scríobh síos na fíricí nua a d'fhoghlaim tú faoi thart air. Bíodh do chás-staidéar chomh taitneamhach agus chomh dathúil agus is mian leat. B'fhéidir gur mhaith leat na fíricí a scríobh ar chairtpháipéar de dhathanna éagsúla agus iad sin a ghreamú thart ar do phictiúr, colláis a chur ann, an bolb a tharraingt, plandaí atá tarraingteach dó etc.

An Fhoghlaim a Fheabhsú:

- **Teanga agus Litearthacht/ Cumarsáid/ Forbairt Phearsanta agus Comhthuiscint/Scileanna Smaointeoireachta agus Ábaltachtaí Pearsanta** – Iarr ar do pháiste cur i láthair gairid a ullmhú agus a dhéanamh faoin fhéileacán a roghnaigh sé/sí agus an méid a d'fhoghlaim sé/sí faoi. I measc na scileanna a fhorbraítear sa ghníomhaíocht seo tá: eolas fíorasach a chur i láthair do dhaoine eile go soiléir; na scileanna a bhfuil gá leo chun bheith ag caint go poiblí, amhail féinmhuinín, urlabhra shoiléir, scileanna eagrúcháin, teilgean gutha agus éisteacht le daoine eile agus iad a dhéanamh cur i láthair. An dtiocfadh leat na cuir i láthair, nó codanna díobh, a thaifeadadh?

- **Teanga agus Litearthacht** – Tugtar tuilleadh eolais faoi na réimsí seo sa mhionstaidéar ar líne. Foclóir nua agus an téarmaíocht cheart a bhaineann leis an ábhar a fhoghlaim. Cad iad na focail nua a d'fhoghlaim do pháiste? Cad is ciall leo?

- **Corpoideachas agus Gluaiseacht** – Agus tú ag siúl thart ar do cheantar áitiúil, an dtiocfadh leat aclaíocht éigin nó dhó a chruthú duit féin nuair a fheiceann tú planda atá tarraingteach d'fhéileacáin? Nó nuair a fheiceann tú féileacán nó bolb féin, go díreach?

Saolré shoghluaiste:

Réimsí an Churaclaim: An Domhan Thart Orainn, Na hEalaíona

Ábhair/Trealamh

- bileog páipéir nó cárta (is fearr a oibríonn cárta nó cairtchlár - is foirfe é paicéad gránach folamh gearrtha ina phíosaí)
- crochadán éadaí
- sreangán / ribín / olann / snáithe
- téip
- siosúr

Modh

1. Tarraing nó péinteáil saolré fhéileacáin ón ubh go féileacán déanta.
2. Gearr amach na pictiúir, cuir sreangán tríothu agus greamaigh an sreangán leis an chrochadán.
3. Bí chomh cruthaitheach agus is mian leat, cuir ribíní, sreangáin, nó ábhair ón dúlra amhail duilleoga, cipíní, bláthanna le do ghléas soghluaiste a mhaisiú.

An fhoghlaim a fheabhsú:

Matamaitic agus Uimhearthacht – Bain úsáid as an ghníomhaíocht seo le deis a ghlacadh le coincheapa na troime agus na héadroime a phlé. Cad iad na líníochtaí/ na hábhair atá níos troime ná na cinn eile? An bhfuil sé furasta an meáchan ar do ghléas a chothromú? Cad a tharlaíonn nuair a chuirimid rud éigin sa bhreis ar thaobh amháin den chrochadán? Cén fáth? Cad é mar is féidir linn sin a cheartú?

Corpoideachas agus Gluaiseacht/An Domhan Thart Orainn – An féidir leat dul ar shiúlóid thart ar do cheantar áitiúil nó do ghairdín le hábhair sa bhreis a bhailiú? Tabhair leat buicéad nó mála agus bailigh duilleoga, cipíní, buaircíní péine etc. Pléigh ábhair nádúrtha i gcomparáid le hábhair shaorga.





Dealbhóireacht:

Réimsí an Churaclaim: Na hEalaíona, An Domhan Thart Orainn, Forbairt Fhisiciúil

Ábhair/Trealamh

- Ábhair athchúrsáilte thart faoin teach/ bloicíní/ lego
- páipéar & peann luaidhe/téip
- siosúr
- gliú
- réiteoirí píopa/sreang ghairdín/sreangán/snáitheanna
- péint/dathanna/ píosaí páipéir nó páipéar síoda daite le haghaidh colláis

Modh

An féidir leat bolb nó féileacán a dhéanamh as ábhair athchúrsáilte thart faoi do theach?
Cruinnigh na hábhair atá ar fáil - sealbhóirí rolla leithris, boscaí gránaigh cairtchláir folmha, cartáin dí, buidéil phlaisteacha nó bloicíní/lego etc., etc.

1. Ullmhaigh plean. Amharc ar na hábhair agus samhlaigh cén dóigh a bhféadfá iad a úsáid le féileacán no bolb a chruthú . Tarraing sceitse garbh ar do pháipéar. Cuir do shamhlaíocht ag obair gan srian!
2. Smaoinigh ar an dóigh a ngreamóidh tú d'ábhair le chéile. An leor gliú a úsáid nó an mbeadh téip níos fóirsteanaí? B'fhéidir go mbeadh réiteoirí píopa/sreang ghairdín/sreangán/snáitheanna de dhíth ort. (Lig do do pháiste na fadhbanna a bhaineann leis an chur le chéile a réiteach dó/di féin, le tacaíocht agus spreagadh uaitse, ar ndóigh!)
3. Ar aghaidh libh!
4. Nuair a bheidh an struchtúr críochnaithe, maisigh do dhealbh cibé dóigh ar mian leat.
5. Ná déan dearmad pictiúr a thógáil nuair atá do shaothar réidh.

An fhoghlaim a fheabhsú:

- **Teanga agus litearthacht, Na hEalaíona** – Samhlaigh gur carachtar é do dhealbh. Cuir ainm air agus tabhair tréithe ar leith dó. Iarr ar do pháiste na buanna ar leith atá ag a charachtar a mhíniú duit etc. Ina dhiaidh sin, féadfaidh páistí níos óige súgradh cruthaitheach a úsáid le dráma a fhorbairt faoina gcarachtair trí eachtra a chruthú dó le tabhairt faoi. Féadfaidh páistí níos sine píosa scríbhneoireachta cruthaithí nó stiallchartún grinn a fhorbairt faoina gcarachtair.

- **Cumarsáid/Forbairt Phearsanta agus Comhthuiscint** – Iarr ar do pháiste a scéal a léamh/cur síos ar eachtra a charachtair don teaghlach ar fad. Mar a luaitear thuas, cothaíonn sé sin féinmhuinín, cumas urlabhra agus scileanna éisteachta.

- **Matamaitic agus Uimhearthacht** - 2T agus 3T. Úsáid an ghníomhaíocht seo le cruthanna déthoiseacha agus tríthoiseacha a phlé. Cad iad na nithe thart faoi do theach atá 2T nó 3T? Déan cuardach thart ar do theach ar lorg cruthanna 2T agus 3T. Tá an ghníomhaíocht seo fóirsteanach do pháistí de gach aois mar is féidir le páistí níos sine cruthanna níos casta a aimsiú.

Gníomhaíochtaí faoin aer

Dealbhóireacht rilífe:

Réimsí an churaclaim: Na hEalaíona, An Domhan Thart Orainn, Forbairt Fhisiciúil

Ábhair/Trealamh

- Ábhair nádúrtha amuigh faoin aer
- uisce
- scuab phéinteála/cipín

Modh

1. Bailigh go leor ábhair nádúrtha amuigh faoin aer. Clocha, púróga, duilleoga, craobhóga, caonach etc.
2. Bain úsáid as na hábhair sin le pictiúr d'fhéileacán nó de bholb a chruthú ar an talamh.
3. Bain úsáid as scuab phéinteála nó cipín le mionsonraí a chur ann.
4. Tóg grianghraf de go gasta sula dtriomóidh sé nó sula séidfear ar shiúl é!

An fhoghlaim a fheabhsú:

Scileanna Smaointeoireachta agus Ábaltachtaí Pearsanta – an féidir leat pictiúr nua a chruthú, ag baint úsáid as na hábhair chéanna? Cad eile a d’fhéadfá a dhéanamh? An féidir leat rud ar bith atá in easnamh ort a tharraingt ar an phictiúr? Déan go leor pictiúir eile a chruthú, an oiread agus is féidir leat. Tóg grianghraf de gach ceann acu.

Pictiúir le cailc:

Réimsí an churaclaim: Na hEalaíona, An Domhan Thart Orainn

Ábhair/Trealamh

- Cailc nó rochtain ar úsáid uisce agus scuab mura bhfuil cailc agat

Modh

1. Siúil thart ar ghairdín / chlós / spás faoin aer do thí ag féachaint ar na dromchlaí a fheiceann tú. Cén uigeacht atá sna ballaí, sa talamh, sna fálta srl? An bhfuil siad réidh nó garbh? Cad as a ndéantar iad?
2. Úsáid cailc, (nó an t-uisce) le do ghairdín nó do chlós a mhaisiú le pictiúir dhathúla thaitneamhacha d'fhéileacáin agus de bhoilb. An féidir leat aghaidheanna greannmhara a chur orthu?
3. Tóg grianghraif de na nithe a chruthaigh tú sula n-imeoidh siad as amharc.

Dráma faoi Shaolré:

Réimsí an churaclaim: Na hEalaíona, An Domhan Thart Orainn, Forbairt Fhisiciúil agus Gluaiseacht, Cumarsáid

Ábhair/Trealamh

- Spás folamh, nó téigh amach faoin aer má tá an aimsir go maith

Modh

1. Mínigh do do pháiste go bhfuil sibh ag dul saolré fhéileacáin a léiriú trí ghluaiseacht. An féidir leo céimeanna na saolré a mhíniú ó bhéal ar dtús?
2. Lig ort ar dtús gur ubh tú. Cén cruth a chaithfidh do chorp a dhéanamh le cuma uibhe a chruthú?
3. Ansin scoilteann an ubh agus nochtann bolb beag bídeach, an féidir leat a thaispeáint cén chuma a bheadh air seo?
4. Ansin bogann an bolb thart ag cogaint agus ag mungailt go dtí go bhfuil sé mór agus ramhar. Smaoinigh ar an dóigh a mbogann bolb agus déan iarracht é seo a dhéanamh le do chorp, agus tú ag cogaint agus ag mungailt leat. (Cuir i gcuimhne do pháistí beaga gur cur i gcéill atá i gceist agus gan duilleoga ná féar a ithe!) I ndiaidh na ngníomhaíochtaí seo déan méanfach mhór!
5. Ina dhiaidh sin, aimsigh áit mhaith don chrisilid dul a chodladh. Cuachann sí suas ina meallagus cás nó crisilid thart uirthi.
6. Faoi dheireadh tagann an féileacán álainn amach as an chrisilid, déanann sé a chorp a shearradh agus tosaíonn sé ag eitilt thart ar an ghairdín agus ag leandáil ar na bláthanna ag fiosrú leis. Smaoinigh ar an dóigh a mbogann féileacáin agus déan iarracht aithris a dhéanamh air sin, tá a sciatháin an-fhíneálta agus bíonn siad ag guairdeall ó bhláth go bláth.

An fhoghlaim a fheabhsú:

Scileanna Smaointeoireachta agus Ábaltachtaí Pearsanta – cad iad na hainmhithe eile is féidir linn aithris a dhéanamh orthu, ag úsáid ár gcorp? Beach, péist, frog, coinín, madadh, cat? Cad iad na fuaimeanna a dhéanann an t-ainmhí roghnaithe? Cad é mar a bhogann sé An féidir libh oibriú le chéile i mbeirteanna chun ainmhí a chruthú?

Na hEalaíona – Drámaí gairide. An féidir leat drámaí gairide a chruthú le d'ainmhí?

An Domhan Thart Orainn - an féidir linn ainmhithe ar bith eile a fheiceáil nó a fháil inár ngairdíní nó inár dtithe? Damhán alla, cuileog, éan, iora. Cad é mar a bhogann siad? Cad iad na fuaimeanna a dhéanann siad?

**Tabhair do d’aire go bhfuil sé mar aidhm ag an acmhainn seo cruthaitheacht do pháiste a spreagadh.

NÍL AON CHUR CHUIGE ATÁ CONTRÁILTE. Is féidir nach spreagfaidh staidéar ar fhéileacáin agus ar bhoilb do pháiste agus sa chás sin féadfaidh siad na gníomhaíochtaí a dhéanamh ag úsáid téama difriúil a bhfuil spéis níos mó acu ann. Tá sé sin go breá. Is leis na gníomhaíochtaí iad féin a bhaineann luach foghlama. Is cuma má tharraingíonn siad féileacán nó carachtar cartúin, tá forbairt na scileanna fós ann! Níos tábhachtaí arís, bain sult as a bheith cruthaitheach trí Ghaeilge!

Chuir Emma Berkery, an Comhairleoir um Oideachas Cruthaitheach, an acmhainn seo le chéile duit i gcomhar le Cultúrlann McAdam Ó Fiaich

Acmhainní eile:

https://butterflyconservation.ie/wp/wp-content/uploads/2017/12/National-Garden-Butterfly-Survey.pdf

CULTÚRLANN
McADAM Ó FIAICH

Foras na Gaeilge

arts council of Northern Ireland
LOTTERY FUNDED

Comhairle Chathair Bhéal Feirste

Ag treisiú le togáil na Gaeilge
An Ciste Infheistíochta Gaeilge

Department for Communities
www.communities-ni.gov.uk